




Dianchúrsa Gaeilge

do mhúinteoirí in
iar-bhunscoileanna
Gaeltachta agus
lán-Ghaeilge

Dé Luain - Dé hAoine
15- 19 Lúnasa 2022

Beo ar líne

Níl aon táille ar na cúrsaí seo
Tuilleadh eolais: eolas@cogg.ie





Dianchúrsa Gaeilge do mhúinteoirí in iar-bhunscoileanna Gaeltacha agus Ián-Ghaeilge

Is cúrsa seachtaine é an dianchúrsa atá oiriúnach do mhúinteoirí iar-bhunscoile sna Gaelcholáistí agus sna scoileanna Gaeltacha a dteastaíonn uathu teanga ghinearálta agus teanga do thimpeallacht na scoile a shealbhú. Is é sprioc an chúrsa cabhrú leis na rannpháirtithe Gaeilge atá cruinn ó thaobh na gramadaí agus an stór focal riachtanach a labhairt agus a scríobh.

Múinfear an cúrsa seo go hiomlán ar líne agus bainfear úsáid as an ardán físchomhdhála Zoom chun na ranganna a sholáthar. Le linn na ranganna beo ar líne, beidh deis ag na rannpháirtithe labhairt leis an múinteoir agus ceisteanna a chur air/uirthi am ar bith is mian leo. Beidh obair bheirte agus obair ghrúpa i gceist go leanúnach chomh maith.

Cad iad na nithe a ndíreofar orthu sa chúrsa?

Díreofar sa chúrsa ar an saghas teanga a úsáideann múinteoirí ar bhonn laethúil, is é sin frásaí agus stór focal is féidir a úsáid nuair a bhíonn siad ag plé le scoláirí sa seomra ranga agus timpeall na scoile, le múinteoirí eile agus le tuismitheoirí. Díreofar ar na gnéithe is lárnaí agus is úsáidí de ghramadach na Gaeilge. Cuirfear béim láidir sa chúrsa freisin ar na háiseanna ar líne atá ar fáil dóibhsean a bhíonn ag scríobh na Gaeilge ar bhonn gairmiúil agus múinfear do na rannpháirtithe conas an úsáid is éifeachtaí a bhaint astu.

An Tairseach (Portal)

Cuirfear seisiún eolais ar fáil faoi An Tairseach. Bailiúchán atá anseo de líon ard áiseanna teagaisc i réimse leathan ábhar a d'fhorbair múinteoirí do mhúinteoirí.



Clár ama an chúrsa

Luan go Déardaoin

9.30–11.00am; 11.30am–1.00pm Ranganna ar líne le Gaelchultúr

Dé hAoine

9.30–11.00am – Seisiún Eolais le COGG. An Tairseach - Áiseanna Iar-bhunscoile & forléargas ar na Téacsleabhair Iar-bhunscoile.

Líon iomlán uaireanta: 13.5

Beidh teacht ar na Seisiúin Eolais Ábharbhunaithe Réamhthairseach ar líne ar shuíomh COGG trí chainéal Vimeo na heagraíochta mar a bhí anuraidh.

Is féidir clarú don Dianchúrsa tríd an nasc seo :

<https://www.gaelchultur.com/ga/cursai/dianchursa-cogg>

